AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.8.2020
COM(2020) 438 final

2020/0210 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú chun cosc a chur ar iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú chun cosc a chur ar iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh i ndáil leis na bearta caomhnaithe agus bainistíochta atá beartaithe a ghlacadh.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Comhaontú chun cosc a chur ar iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh

Maidir leis an gComhaontú chun cosc a chur ar iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh ('An Comhaontú'), is é is aidhm dó cosc a chur ar iascaireacht neamhrialáilte i limistéar mórmhara Lár an Aigéin Artaigh trí bhearta réamhchúraim caomhnaithe agus bainistíochta a chur i bhfeidhm mar chuid de straitéis fhadtéarmach chun éiceachórais shláintiúla mhuirí a chosaint, agus chun caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na stoc éisc a áirithiú. Meastar go dtiocfaidh an comhaontú sin i bhfeidhm níos déanaí i mbliana.

Is páirtí é an tAontas Eorpach sa Chomhaontú[1].

2.2. Cruinniú na bPáirtithe

Is é cruinniú na bPáirtithe an comhlacht cinnteoireachta faoin gComhaontú a thiocfaidh le chéile gach dara bliain nó níos minice má chinneann sé amhlaidh. Is trí thromlach a ghlactar cinntí maidir le ceisteanna a bhaineann le nósanna imeachta agus is de chomhthoil a ghlactar cinntí maidir le ceisteanna substainteacha. Tá cearta rannpháirtíochta agus vótála ag an Aontas.

2.3. Cinntí ó chruinniú na bPáirtithe

Tá an t-údarás ag cruinniú na bPáirtithe bearta caomhnaithe agus bainistíochta a ghlacadh agus tá na bearta sin ina gceangal ar na páirtithe conarthacha.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontas i gcruinniú na bPáirtithe, moltar an seasamh a bhunú de réir cur chuige dhá leibhéal. Leagfar amach le Cinneadh ón gComhairle bunphrionsabail agus treoshuíomhanna sheasamh an Aontais ar bhonn ilbhliantúil, agus, dá éis sin, déantar an seasamh a choigeartú le haghaidh gach cruinnithe le páipéir leathoifigiúla ón gCoimisiún a phléifear i Meitheal na Comhairle.

Glactar an cur chuige sin freisin i láthair na huaire in eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBIanna) arb é an seasamh é atá le glacadh thar ceann an Aontais sna cruinnithe sin.

Cuimsítear sa chinneadh seo prionsabail agus treoshuíomhanna an chomhbheartais iascaigh (CBI), mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], agus cuirtear san áireamh leis freisin na cuspóirí a leagtar amach sa

[1] Cinneadh (AE) 2019/407 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe chun cosc a chur ar iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh (IO L 73, 15.3.2019, lch. 1).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus

Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le gné sheachtrach CBI[3]. Leis sin cuirtear san áireamh freisin conclúidí ón gComhairle maidir le hAigéin agus Farraigí, lena n-airítear an tArtach[4], an Teachtaireacht Chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Beartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach dar teideal *'An integrated European Union policy for the Arctic'* [Beartas comhtháite an Aontais Eorpaigh don Artach][5], agus conclúidí ón gComhairle[6] maidir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Beartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach dar teideal *'International ocean governance: an agenda for the future of oceans'* [Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan][7].

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí nós imeachta

4.1.1. Na prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos "na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe".

Áirítear ar na "gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo" gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear air freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh "tionchar cinntitheach a bheith acu ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóirí an Aontais Eorpaigh"[8].

4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht é cruinniú na bPáirtithe arna bhunú le comhaontú, is é sin an Comhaontú chun cosc a chur ar iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh.

Is é atá sna gníomhartha a iarrtar ar Chruinniú na bPáirtithe a ghlacadh gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Beidh na gníomhartha atá beartaithe ag cruinnithe na bPáirtithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta agus beidh siad in ann tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar reachtaíocht an Aontais, is é sin:

- Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú[9];
- Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú[10]; agus

---

Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

3 COM(2011) 424, 13.7.2011.

4 14249/19, 19.11.2019.

5 JOIN(2016) 21 final, 27.4.2016.

6 7348/1/17 REV 1, 24.3.2017.

7 JOIN(2016) 49 final, 10.11.2016.

8 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, *an Ghearmáin v an Chomhairle*, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

9 IO L 286, 29.10.2008, lch. 1.

- Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha[11].

Ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú de thoradh na ngníomhartha atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí atá leis an nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Na prionsabail

Braitheann bunús dlí substainteach maidir le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus inneachar an ghnímh atá beartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is le hiascaigh a bhaineann an príomhchuspóir agus inneachar na ngníomhartha atá beartaithe. Is é Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 an bunús dlí lena leagtar amach na prionsabail atá le léiriú leis an seasamh seo.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 43(2) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 43(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

---

[10] IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

[11] IO L 347, 28.12.2017, lch. 81.

2020/0210 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú chun cosc a chur ar iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis an gComhaontú chun cosc a chur ar iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh ("An Comhaontú"), thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh (AE) 2019/407 ón gComhairle[1]. Meastar go dtiocfaidh an comhaontú sin i bhfeidhm níos déanaí i mbliana.

(2) Tá cruinniú na bPáirtithe freagrach as bearta a ghlacadh atá ceaptha cur chun feidhme an Chomhaontaithe a áirithiú chun go mbainfear amach an cuspóir, is é sin cosc a chur ar iascaireacht neamhrialáilte i limistéar mórmhara i Lár an Aigéin Artaigh trí chur i bhfeidhm bearta réamhchúraim caomhnaithe agus bainistíochta mar chuid de straitéis fhadtéarmach chun éiceachórais shláintiúla mhuirí a chosaint, agus caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na stoc éisc a áirithiú. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh bearta den sórt sin chun bheith ina gceangal ar an Aontas.

(3) Le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], foráiltear go bhfuil an tAontas lena áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil agus go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh ag luí leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus lena gcuirfear le hinfhaighteacht soláthairtí bia. Foráiltear leis freisin go bhfuil an tAontas le cur chuige réamhchúraim a chur i bhfeidhm i leith bainistiú iascaigh, agus go mbeidh mar aidhm leis a áirithiú go ndéanfaidh saothrú acmhainní bitheolaíocha na mara líon na speiceas atá á saothrú a athbhunú agus a chothabháil ag leibhéil atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. Ina theannta sin, foráiltear leis go bhfuil an tAontas le bearta bainistíochta agus caomhnaithe a dhéanamh ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil, le tacú le forbairt an eolais eolaíoch agus na comhairle eolaíche, le

[1] Cinneadh (AE) 2019/407 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe chun cosc a chur iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh (IO L 73, 15.3.2019, lch. 1).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

hábhar muirí aischurtha a dhíchur de réir a chéile agus le modhanna iascaireachta a chur chun cinn a chuideoidh le hiascaireacht níos roghnaí agus le gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir, agus le hiascaireacht a bhfuil tionchar íseal aici ar an éiceachóras muirí agus ar acmhainní iascaigh. Thairis sin, foráiltear go sonrach le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 go bhfuil an tAontas leis na cuspóirí agus na prionsabail sin le cur i bhfeidhm agus a chaidreamh seachtrach iascaigh á sheoladh aige.

(4) Mar a dhearbhaítear sna conclúidí ón gComhairle maidir le hAigéin agus Farraigí, lena n-airítear an tArtach[3], sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Beartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach, dar teideal *"An integrated European Union policy for the Arctic"* [Beartas comhtháite an Aontais Eorpaigh don Artach][4], agus sna conclúidí ón gComhairle[5] maidir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Beartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach, dar teideal *"International ocean governance: an agenda for the future of oceans"* [rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan][6], tacaíocht don Chomhaontú agus eagraíocht réigiúnach um bainistíocht iascaigh a d'fhéadfaí a chruthú nó do shocrú i mórmhuir an Artaigh , is cuspóirí tábhachtacha iad don Aontas chun comhshaol an Artaigh a chosaint agus forbairt inbhuanaithe a áirithiú i limistéar an Artaigh agus sa limistéar máguaird, ar bhonn comhar idirnáisiúnta.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinniú na bPáirtithe sa Chomhaontú don tréimhse 2020-2024 a bhunú, ós rud é go mbeidh bearta caomhnaithe agus bainistíochta faoin gComhaontú ina gceangal ar an Aontas agus go mbeidh siad in ann tionchar cinntitheach a bheith acu ar inneachar dhlí an Aontais, is é sin Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle[7] agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009[8] ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9].

(6) I bhfianaise an eolais theoranta ar acmhainní iascaigh agus nádúr na n-acmhainní iascaigh i limistéar an Chomhaontaithe, agus an gá atá ann dá bharr go n-áireofar ar sheasamh an Aontais forbairtí nua, lena n-áirítear faisnéis eolaíoch nua agus faisnéis ábhartha eile a thíolactar roimh chruinnithe na bPáirtithe nó lena linn, ba cheart nósanna imeachta a bhunú, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis i measc

---

3 14249/19 ón 19.11.2019.

4 JOIN(2016) 21 final ón 27.4.2016.

5 7348/1/17 REV 1, 24.3.2017.

6 JOIN(2016) 49 final ón 10.11.2016.

7 Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun cosc chur ar iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN), a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

8 Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe an Aontais d'fhonn comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

9 Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

institiúidí an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 13(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le sonraíocht sheasamh an Aontais ó bhliain go bliain don tréimhse 2020-2024.

(7) Tar éis an chinnidh sin maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú, féadfar ag céim níos déanaí cinneadh eile ar leith ón gComhairle a bheith ann maidir le tús a chur le caibidlíocht chun eagraíochtaí nó socruithe breise maidir le bainistiú iascaigh, idir réigiúnach nó fhoréigiúnach, a bhunú i mórmhuir an Artaigh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach in Iarscríbhinn I an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú chun cosc a chur ar iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh (An Comhaontú).

Airteagal 2

Seolfar i gcomhréir le hIarscríbhinn II sonraíocht sheasamh an Aontais ó bhliain go bliain atá le glacadh i gcruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú.

Airteagal 3

Déanfaidh an Chomhairle seasamh an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn I a mheasúnú agus, i gcás inarb iomchuí, a athbhreithniú ar thogra a fháil ón gCoimisiún i gcruinniú na bPáirtithe sa Chomhaontú in 2025 ar a dhéanaí.

Airteagal 4

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán